Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Márta 2023**
**(OR. en)**

**6819/23**

**ECOFIN 187**
**UEM 46**
**SOC 143**
**EMPL 100**
**COMPET 143**
**ENV 174**
**EDUC 74**
**RECH 62**
**ENER 92**
**JAI 214**
**GENDER 21**
**ANTIDISCRIM 21**
**JEUN 40**
**SAN 100**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro |

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 136(1) i gcomhar le hAirteagal 121(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú[1], agus go háirithe Airteagal 5(2) de, a neartú,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

[1] IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.
[2] IO L 306, 23.11.2011, lch. 25.

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuireadh isteach ar théarnamh eacnamaíoch sa tréimhse tar éis phaindéim COVID-19 sa limistéir euro le sraith suaití seachtracha. A bhuí le freagairt chinntitheach bheartais eacnamaíoch go háirithe, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, agus ós rud é gur cuireadh deireadh leis na bearta imshrianta, léirigh an limistéar euro fás láidir OTI in 2021 agus 2022, eadhon 5,3 % agus 3,5 % faoi seach. Bhí an margadh saothair athléimneach freisin, agus baineadh an ráta dífhostaíochta an ráta is ísle riamh 6,7 % amach in 2022. Mar sin féin, mar gheall ar an méadú ar phraghsanna fuinnimh domhanda, ar an éiginnteacht mhéadaithe agus ar na suaití sa slabhra soláthair mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tháinig moilliú soiléir ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch sa dara leath de 2022. Rinneadh athmheasúnú síos ar réamhaisnéisí do 2023 mar thoradh ar an ngéarchéim fuinnimh. Ar an iomlán, tiocfaidh laghdú ar fhás OTI sa limistéar euro go 0.3 % in 2023, sula bhfillfidh sé ar 1,5 % in 2024. Tá an margadh fuinnimh agus margaí tráchtearraí eile ag cur leis an mboilsciú a leathnaigh chuig míreanna eile le himeacht ama agus bhí sé ag 8,4 % in 2022. Meastar anois go bhfanfaidh an boilsciú ag leibhéal ard sna míonna amach romhainn, ag fanacht ag 6,1 % in 2023, sula laghdóidh sé in 2024. Meastar go leanfaidh margaí saothair de bheith láidir toisc go bhfuil an t-éileamh ar shaothar fós ard. Ós rud é go bhfuil ganntanas saothair fós á thuairisciú ag sciar mór gnólachtaí, meastar nach dtiocfaidh ach méadú measartha ar an dífhostaíocht an bhliain seo chugainn, sula dtitfidh sí arís in 2024. Idir an dá linn, meastar go dtiocfaidh méadú ar fhás pá ainmniúil in 2023 ach go bhfanfaidh sé faoi bhun an bhoilscithe, rud a fhágfaidh go dtiocfaidh laghdú ar chumhacht ceannaigh teaghlach.

Sa chomhthéacs sin, tá cúlú tagtha ar bharrachas an chuntais reatha sa limistéar euro, i gcomhréir leis an gcomhardú fuinnimh atá ag dul go mór in olcas agus, amach anseo, is dócha nach gcuirfear ach borradh beag faoin iomaíochas le dímheas ainmniúil an euro i gcoinne dhollair SAM agus roinnt airgeadraí eile ó bhí an dara leath de 2021 ann, i bhfianaise na gcostas ard fuinnimh.

(2) Leis an meath ar dhálaí maicreacnamaíocha agus le difreálaigh mhóra praghsanna ar fud na mBallstát, tugtar dúshlán do chóineasú an ioncaim agus an timthrialla gnó sa limistéar euro. Cé go raibh éagsúlachtaí láidre, éagsúlachtaí a bhí sealadach den chuid is mó, san fheidhmíocht mhaicreacnamaíoch mar thoradh ar phaindéim COVID-19, bhí tionchar teoranta sealadach aici ar shioncrónú timthrialla gnó. Mar thoradh ar an ngéarchéim fuinnimh, bíonn tionchair mhaicreacnamaíocha ilchineálacha nua ar an limistéar euro. Mar gheall ar héagsúlachtaí idir tíortha i meascáin fuinnimh agus i mbeartais chun tionchar an tsuaite fuinnimh a mhaolú, tá difríochtaí móra tagtha chun cinn ar fud an limistéir euro sna rátaí boilscithe príomha agus sna rátaí croí-bhoilscithe. Bhí tionchar míchothrom ag praghsanna níos airde fuinnimh agus ag brúnna níos airde sa slabhra soláthair ar mhonaraíocht agus ar sheirbhísí ar fud Bhallstáit an limistéir euro agus d'fhéadfadh bearna san iomaíochas coibhneasta a bheith ann dá bharr. Cé go dtugtar le fios leis na táscairí atá ar fáil go bhfuil bearnaí iomaíochais sa limistéar euro teoranta go dtí seo, tá éagsúlachtaí in iarmhéideanna na gcuntas reatha sa limistéar euro tar éis leathnú le déanaí mar gheall go príomha ar na comharduithe fuinnimh atá ag dul in olcas.

(3) Ní mór beartais airgeadaíochta agus fhioscacha a chalabrú agus a bheith comhleanúnach mar is iomchuí chun freagairt iomchuí chomhordaithe beartais a áirithiú ar ionchas eacnamaíoch atá ag dul in olcas agus ar an mboilsciú ard. Leis an mbeartas airgeadaíochta, ní mór aghaidh a thabhairt ar bhoilsciú ard. Tá an Banc Ceannais Eorpach (BCE) faoi réir dul i ngleic le rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le dinimic mí-ordúil margaidh gan údar, ar bagairt thromchúiseach iad do tharchur an bheartais airgeadaíochta ar fud an limistéir euro. Sa timpeallacht atá ann faoi láthair, le fairsingiú fioscach leathan chun tacú leis an éileamh, chuirfí le brú boilscithe a thuilleadh. Tá an fiachas poiblí ardaithe i roinnt Ballstát sa limistéar euro. Chuige sin, éilítear beartais fhioscacha a dhifreáil go hiomchuí ar fud na mBallstát de réir a staide eacnamaíche agus fioscaí, mar a mhol an Chomhairle i moltaí uaithi an 12 Iúil 2022 maidir leis na Cláir Náisiúnta Athchóirithe agus lena dtugtar tuairimí ón gComhairle maidir le Cláir Chobhsaíochta 2022[1]. Ceanglaítear leis freisin go mbeidh siad ullamh chun an caiteachas príomha reatha arna maoiniú go náisiúnta a chur in oiriúint don staid atá ag teacht chun cinn, agus inbhuanaitheacht fiachais á caomhnú ag an am céanna. An tráth céanna, tá gá le bearta fioscacha spriocdhírithe sealadacha chun tacú le daoine agus le cuideachtaí leochaileacha, d'fhonn poist agus caipiteal daonna a choinneáil freisin, agus comharthaí praghais á gcaomhnú agus dreasachtaí á gcur ar fáil chun tomhaltas fuinnimh a laghdú. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí dlúth-chomhordú a dhéanamh ar na freagairtí beartais idir na Ballstáit. Tá ról lárnach ag an margadh saothair agus beartais shóisialta freisin chun aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta an bhoilscithe aird. Níl an meánphá ag coinneáil suas leis an mboilsciú in 2022.

1 Moltaí ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir leis na Cláir Náisiúnta Athchóirithe agus lena dtugtar tuairimí ón gComhairle maidir le Cláir Chobhsaíochta 2022, (IO C 334, 1.9.2022, lch. 1, 11, 19, 27, 35, 44, 52, 60, 70, 96, 104, 112, 120, 128, 146, 154, 162, 181, 197, 205, 213, 221).

Amach anseo, ní mór cothromú cúramach a dhéanamh ar fhorbairtí pá chun cumhacht ceannaigh saothraithe pá a chosaint – ag díriú ar shaothraithe ar phá íseal – agus an baol go gcothófar boilsciú le pá agus go ndéanfar difreálaigh iomaíochais atá ag teacht chun cinn a dhoimhniú laistigh den limistéar euro agus ar fud an domhain á sheachaint an tráth céanna. D'fhéadfaí cabhrú le tomhaltas a chothú freisin ach fostaíocht d'ardchaighdeán a chur chun cinn. Le rannpháirtíocht ghníomhach na gcomhpháirtithe sóisialta, cuidítear le dúshláin a shainaithint, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le dúshláin shonracha don aontas airgeadaíochta, cuirtear feabhas ar réitigh bheartais agus áirithítear úinéireacht níos leithne ar chlár oibre an bheartais eacnamaíoch agus shóisialta. Is féidir le beartais maidir le soláthar rannchuidiú le boilsciú níos ísle trí dhlús a chur le méadú soláthairtí fuinnimh malartacha, iomaíocht agus nuálaíocht a fheabhsú, leithdháileadh acmhainní a fheabhsú, agus tacú le fás táirgiúlachta. Ní mór faireachán leanúnach a dhéanamh freisin ar rioscaí don chobhsaíocht airgeadais.

(4) Is príomhuirlisí iad an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta arna bunú le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] ('an tSaoráid') agus cistí an bheartais chomhtháthaithe chun athléimneacht an limistéir euro a neartú agus chun tacú le cóineasú. Tá cur chun feidhme na Saoráide i mBallstáit an limistéir euro ar an mbóthar ceart, toisc gur íocadh níos mó ná EUR 136 000 000 000 i réamh-mhaoiniú agus tar éis garspriocanna agus spriocanna a chomhlíonadh. Ó thús phaindéim COVID-19, le cláir bheartais chomhtháthaithe, eisíocadh níos mó ná EUR 82 000 000 000 le Ballstáit an limistéir euro. Leis an tSaoráid agus le cistí an bheartais chomhtháthaithe, rannchuidítear le tosaíochtaí beartais an limistéir euro ar bhealaí éagsúla: leis an dá rud araon, tacaítear le gníomhaíocht eacnamaíoch trí infheistíocht bhreise agus, san fhadtéarma, tá na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe struchtúracha atá beartaithe le tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus, ag an am céanna, fás níos airde sa táirgiúlacht agus san aschur féideartha a spreagadh, agus cur le hathléimneacht na mBallstát freisin. Tá sciar mór de na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe a rinneadh mar chuid den tSaoráid ábhartha maidir le cur chun feidhme na dtosaíochtaí beartais don limistéar euro a sainaithníodh sna moltaí a rinneadh roimhe seo maidir leis an limistéar euro. Dá réir sin, tá sé ríthábhachtach go leanfar ar aghaidh le hathchóirithe agus infheistíochtaí atá comhaontaithe a chur chun feidhme bunaithe ar an sceideal atá beartaithe chun móiminteam an athchóirithe a choinneáil.

---

[1] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 057 18.2.2021, lch. 17).

(5) Sa Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe, atá i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Samhain 2022 leagtar amach na príomhthosaíochtaí beartais agus na príomh-threoirlínte don bhliain amach romhainn, chun freagairt chomhsheasmhach an bheartais eacnamaíoch a áirithiú ar leibhéal an Aontais. Tá an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe bunaithe ar cheithre ghné na hinbhuanaitheachta iomaíche: inbhuanaitheacht chomhshaoil, cothroime, táirgiúlacht, cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus tá sé i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Ina theannta sin, leis an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh 2023 a foilsíodh an 22 Samhain 2022, cuirtear anailís an Choimisiúin ar fáil ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a d'fhéadfadh bac a chur ar dhea-fheidhmiú gheilleagair na mBallstát, an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus an Aontais ina iomláine.

(6) Leis an méadú tapa ar an mboilsciú le bliain anuas, spreagadh coigeartú tapa ar sheasamh an bheartais airgeadaíochta ar fud an domhain. Tá tús curtha ag BCE leis an mbeartas airgeadaíochta a normalú chun a áirithiú go bhfillfidh an boilsciú go tráthúil ar an sprioc mheántéarmach 2 %. Chuir sé in iúl freisin go leanfar de rátaí úis a normalú, agus forbairtí sonraí eacnamaíocha á gcur san áireamh. Tá ról suntasach ag srianta soláthair sa bhorradh atá tagtha ar an mboilsciú le déanaí, agus tá sé níos dúshlánaí beartas airgeadaíochta a chur i gcrích mar gheall ar dhifreálaigh bhoilscithe. Is réamhchoinníoll é an seasamh beartais a tharchur go cothrom ar fud an limistéir euro ionas go bhféadfaidh an beartas airgeadaíochta a shainordú a chomhlíonadh.

(7) Seasamh fioscach an limistéir euro, arna thomhas mar an t-athrú ar ghlanchaiteachais phríomha i gcoibhneas le meánfás ionchasach, meastar go mbeidh sé leathnaitheach in 2022 agus neodrach den chuid is mó in 2023, de réir an Choimisiúin, ach go mbeidh sé leathnaitheach arís dá ndéanfaí bearta tacaíochta fuinnimh breise a achtú nó dá gcuirfí síneadh leis na bearta atá ann cheana le linn 2023. In 2023, níor cheart, leis an mbeartas fioscach, éifeachtaí boilscitheacha na suaití soláthair leanúnacha a mhéadú agus, ar an leibhéal náisiúnta agus don limistéar euro ina iomláine araon, níl údar le ríog fhioscach leathan don gheilleagar. Tá an dúshlán an-ghéar do na Ballstáit sin atá buailte ag croí-bhoilsciú ard, agus i bhfianaise na ndeacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha agus sóisialta a bhaineann leis an gcreimeadh ar chumhacht ceannaigh na saothraithe pá, go háirithe i gcás saothraithe ar phá íseal. Thairis sin, ba cheart don bheartas fioscach leanúint de bheith stuama agus infheistíocht níos airde a chomhcheangal leis an bhfás ar ghlanchaiteachas príomha reatha a rialú. Sa chomhthéacs sin, an méadú breise a mheastar a thiocfaidh ar ionsú na Saoráide agus ar infheistíochtaí arna maoiniú go náisiúnta ar fud na mBallstát, tá sé comhsheasmhach leis an ngá atá le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach a leathnú don aistriú glas agus don aistriú digiteach agus don tslándáil fuinnimh. An tráth céanna, le lúfaireacht an bheartais fhioscaigh, chabhrófaí le freagairt ar éiginnteacht ard agus ar rioscaí láidre ar an taobh thíos maidir leis an ionchas eacnamaíoch, agus gan an bonn a bhaint de dhreasachtaí le haghaidh an aistrithe fuinnimh an tráth céanna. D’fhág paindéim COVID-19 oidhreacht fiachais an-ard sa limistéar euro, agus cé go meastar go dtiocfaidh laghdú ar an bhfiachas poiblí, fanfaidh sé i bhfad os cionn na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim. Cé gur laghdaíodh rioscaí inbhuanaitheachta gearrthéarmacha den chuid is mó, tá rioscaí meántéarmacha agus fadtéarmacha fós ard i roinnt Ballstát, agus meastar go gcuirfidh arduithe ar rátaí úis le hualach fiachais níos airde de réir a chéile.

(8) Chun freagairt don mhéadú ar phraghsanna fuinnimh, tá bearta éigeandála déanta ag Ballstáit an limistéir euro ar fiú suas le 1,25 % de OTI in 2022 agus suas le 1 % in 2023 iad, agus tá an laghdú a bhfuil coinne leis ag brath ar fhorbairtí i bpraghas an fhuinnimh agus ar rolladh siar beartaithe na mbeart gaolmhar. Bunaithe ar réamhaisnéis eacnamaíoch fhómhar 2022 ó sheirbhísí an Choimisiúin, is é is príomhaidhm do na bearta a glacadh go dtí seo méaduithe ar phraghsanna a mhaolú, agus níl ach 20 % díobh, ar an meán, ina mbearta ioncaim spriocdhírithe. Is gá an costas fioscach a bhaineann le bearta tacaíochta den sórt sin a theorannú, agus a dtionchar dáileacháin ar fud réimeanna ioncaim, an tionchar ar an éileamh ar fhuinneamh agus ar infheistíocht san aistriú glas, saobhadh a d'fhéadfadh a bheith ar an margadh aonair agus iarmhairtí diúltacha ar fud na mBallstát á gcur san áireamh an tráth céanna. Chuige sin, tá sé tábhachtach teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige coiteann. Go háirithe, d'fhéadfaí féachaint ar shamhail dhá chiseal praghsála fuinnimh dea-chalabraithe, trína mbainfeadh tomhaltóirí leochaileacha tairbhe as praghsanna rialáilte suas go leibhéal áirithe tomhaltais, agus scéimeanna eile lena mbainfí amach cuspóirí comhchosúla, agus gnéithe náisiúnta á gcur san áireamh. Ina theannta sin, d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh a mhéid a bhaineann le bealaí iomchuí chun deireadh a chur leis an tacaíocht de réir mar a laghdaíonn brú praghsanna fuinnimh. Chomh maith le bearta sealadacha fuinnimh, is féidir le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach cuidiú le neamhspleáchas agus slándáil fuinnimh agus leis an aistriú glas a neartú. Ó bhí an ghéarchéim airgeadais dhomhanda ann, tá an limistéar euro thíos le leibhéil ísle infheistíochta príobháidí agus infheistíochta poiblí araon.

Leis na céimeanna beartais a glacadh mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19, le tacaíocht eisceachtúil ó NextGenerationEU, cuidíodh le leibhéal na hinfheistíochta poiblí a choinneáil, rud a raibh tionchar dearfach aige ar an bhfás féideartha, go háirithe sna Ballstáit sin a bhfuil an t-ualach fiachais phoiblí is airde orthu. Beidh tuilleadh infheistíocht phoiblí agus phríobháideach, go háirithe trí chur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, na gclár beartais chomhtháthaithe, agus na bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide atá le nuashonrú ag na Ballstáit faoi mhí an Mheithimh 2023 ríthábhachtach le haghaidh fás inbhuanaithe comhtháite agus chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach.

(9) An 9 Samhain 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais chun éifeachtacht an fhaireachais eacnamaíoch agus an chomhordaithe beartais san Aontas a fheabhsú. Is é is aidhm don teachtaireacht sin struchtúr comhtháite níos simplí agus níos chomhtháite a shainiú le haghaidh faireachas macraifhioscach chun inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú agus chun fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn. Is é is aidhm do phríomhghnéithe na teachtaireachta sin an creat a shimpliú, úinéireacht náisiúnta a fheabhsú, agus forfheidhmiú a neartú. Moltar sa teachtaireacht sin go mbeidh conairí fioscacha leagtha amach i bpleananna meántéarmacha struchtúracha fioscacha arna moladh ag na Ballstáit, laistigh de chreat coiteann trédhearcach de chuid an Aontais. Leis na pleananna sin, a ghlacfadh an Chomhairle, thabharfaí le chéile gealltanais fhioscacha, athchóirithe agus infheistíochta lena dtacófaí le hinbhuanaitheacht fiachais agus le fás inbhuanaithe agus lena léireofaí tosaíochtaí an Aontais agus tosaíochtaí náisiúnta. Le gealltanais athchóirithe agus infheistíochta sa phlean náisiúnta meántéarmach struchtúrach fioscach, bheadh tréimhse níos faide ann don choigeartú fioscach.

Cé go gcoinneofaí luachanna tagartha an Chonartha de 3 % de OTI don easnamh agus 60 % de OTI don fhiachas, bheadh an creat ag brath ar fhaireachas níos rioscabhunaithe a bheadh dírithe ar inbhuanaitheacht fiachais. A mhéid a bhaineann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, is den tábhacht leanúint d'aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ar bhealach comhordaithe agus cothrom. Moltar creat níos réamhbhreathnaithí sa teachtaireacht ón gCoimisiún chun rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint de réir mar a fhorbraíonn siad. Bheadh an measúnú ar cé acu a bhfuil mhíchothromaíochtaí ann fós bunaithe ar thrí chritéar - tromchúis, éabhlóid agus an fhreagairt bheartais. Thabharfaí níos mó tábhachta áfach, do na critéir maidir le héabhlóid agus an bheartais ón mBallstát lena mbaineann sa mheasúnú.

(10) Tá athléimneacht shuntasach léirithe ag margadh saothair an limistéir euro a bhuí le tacaíocht bheartais le linn ghéarchéim COVID-19. Sa chéad ráithe de 2022, bhí líon iomlán na n-uaireanta a oibríodh níos airde ná na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim, agus lean an fhostaíocht de bheith ag fás le linn an chéad leath de 2022 go dtí leibhéil arda nach bhfacthas roimhe seo sa dara ráithe de 2022, rud a bhrúigh an ráta dífhostaíochta go 6,8 %, an leibhéal is ísle ó cruthaíodh an euro. Mar sin féin, is féidir feabhas a chur fós ar chomhtháthú na mban, daoine óga agus níos sine, daoine faoi mhíchumas agus grúpaí leochaileacha sa mhargadh saothair. Amach anseo, beidh tionchar ag an moilliú a bhfuil coinne leis sa ghníomhaíocht eacnamaíoch ar ionchais fostaíochta, agus tiocfaidh méadú beag ar an ráta dífhostaíochta in 2023. Is beag fianaise atá ann gur tháinig meath struchtúrach ar mheaitseáil post mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19.

Mar sin féin, tá difríochtaí suntasacha ann sna margaí saothair ar fud na mBallstát agus na n-earnálacha. Ó 2019 i leith, is iad teicneolaíocht faisnéise agus seirbhísí gairmiúla na hearnálacha is láidre ó thaobh cruthú poist de, agus tá caillteanas poist taifeadta ag na hearnálacha iompair, cóiríochta agus bia. Is dócha go mbeidh ról ag an athrú déimeagrafach freisin maidir le margaí saothair an limistéir euro a ghéarú. Beidh infheistíocht leordhóthanach agus éifeachtach in oideachas agus in oiliúint ardcháilíochta ag gach aois ríthábhachtach chun ganntanais scileanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a mhaolú agus chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Tháinig méadú beag ar fhás pá le linn 2022, rud ba chúis le méadú comhiomlán ar chostais aonaid saothair. Mar sin féin, bhí sé measartha ar an iomlán agus meastar go bhfanfaidh sé go mór faoi bhun an bhoilscithe. Tuartar go gcrapfaidh fíorchúiteamh fostaithe 2,8 % in 2022 agus go gcrapfaidh sé 0,9 % eile in 2023 sula ndéanfar cuid den chaillteanas a fhorchúiteamh in 2024. Tá ról lárnach ag ionchais fréamhaithe maidir le boilsciú ó thaobh rioscaí a mhaolú - rioscaí go n-ardófar an boilsciú a thuilleadh mar gheall ar ardaithe tapa ar éilimh phá.

(11) Athchóirithe struchtúracha, lena n-áirítear na hathchóirithe sin a dhéantar mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip nó athchóirithe glasa nó digiteacha a fhaigheann tacaíocht ón 'Saoráid', go háirithe i ndiaidh na leasuithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2021/241 le Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] chun Plean REPowerEU a chur chun feidhme atá i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2022, tá siad ríthábhachtach chun an margadh aonair agus athléimneacht gheilleagair an limistéir euro a neartú. I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach freisin na hathchóirithe tírshonracha atá molta ag an gComhairle a chur chun feidhme in 2022 i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Trí fheabhas breise a chur ar an timpeallacht ghnó, lena n-áirítear trí bhacainní ar infheistíocht agus ar ath-leithdháileadh caipitil a laghdú, trí riaracháin phoiblí a nuachóiriú, trí dhlús a chur le ceadanna a dheonú agus an comhshaol á chosaint ag an am céanna agus trí chreataí rialála sriantacha a bhaint, is féidir táirgiúlacht agus fás a mhéadú. Tá athchóirithe, mar aon le hinfheistíocht, ríthábhachtach chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach, go háirithe chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, tacú leis an aistriú i dtreo na haeráidneodrachta, trí sholáthar agus imscaradh fuinnimh inathnuaite a mhéadú, chomh maith le tacú le hathsciliú agus uas-sciliú. Mar gheall ar an ardú tapa leanúnach atá tagtha ar phraghsanna fuinnimh, tá brú tagtha ar shamhlacha gnó na dtionscal dianfhuinnimh agus na bhfiontar beag agus meánmhéide, agus tá tionchar aige sin ar phoist agus ar chaipiteal daonna. Is féidir le córais éifeachtúla dócmhainneachta tacú leis an aistriú agus é a dhéanamh níos éasca chun acmhainní a ath-leithdháileadh. Tá difríochtaí móra ann fós idir na córais dócmhainneachta éagsúla ar fud an limistéir euro agus dá méadófaí a n-éifeachtacht agus a gcomhchuibhiú, thacófaí le coigeartú eacnamaíoch agus leis an margadh aonair le haghaidh caipitil.

---

1 Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

(12) Léirigh earnáil na baincéireachta athléimneacht ar an iomlán in 2022. Cé go bhfuil earnáil baincéireachta an limistéir euro ina hiomláine dea-chaipitlithe agus go bhfuil feabhas tagtha ar a brabúsacht ó bhí 2021 ann, d'fhéadfadh cáilíocht sócmhainní níos laige a bheith mar thoradh ar mheath géar ar an ionchas maicreacnamaíoch, mar aon le rátaí níos airde úis lena n-ardaítear costais d'iasachtaithe. I gcomhthéacs rochtain níos déine ar chreidmheas, tá tábhacht ag baint le faireachán tráthúil a dhéanamh ar rioscaí, le rannpháirtíocht réamhghníomhach le féichiúnaithe agus le bainistiú gníomhach a dhéanamh ar iasachtaí neamhthuillmheacha chun go mbeidh na bainc in ann leanúint den gheilleagar a mhaoiniú. Le tosca struchtúracha, lena n-áirítear ró-acmhainneacht agus iomaíocht ó sholáthraithe seirbhísí airgeadais nua, is féidir bac a chur ar athléimneacht institiúidí creidmheasa. Is féidir le rioscaí eile teacht chun cinn ar na margaí airgeadais freisin. Go háirithe, is féidir le titim ar phraghsanna sócmhainní a bheith mar thoradh ar phréimheanna riosca níos airde agus ar choinníollacha leachtachta géaraithe. Mar gheall ar ghlaonna ar éarlais, is féidir leis sin a bheith ina chúis le brúnna breise sa bhreis ar an strus leachtachta atá ar roinnt cuideachtaí fuinnimh cheana féin. Ní mór dlúthfhaireachán a dhéanamh freisin ar an gcaoi a bhfreagraíonn na margaí réadmhaoine cónaithe agus tráchtála do rátaí úis níos airde, mar gur féidir brú síos a chur ar phraghsanna réadmhaoine agus rioscaí timthriallacha a mhéadú, go háirithe i mBallstáit an limistéir euro ina bhfuil fiachas teaghlach ardaithe. Thairis sin, ní mór aird níos mó a thabhairt ar chibir-rioscaí méadaithe, agus le Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], neartófar athléimneacht gnólachtaí airgeadais in aghaidh rioscaí a bhaineann le teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. I mí Mheán Fómhair 2022, d'eisigh an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach Moladh BERS/2022/7 ina bhfuil rabhadh inar iarradh ar institiúidí na hearnála príobháidí, ar rannpháirtithe sa mhargadh agus ar údaráis ábhartha leanúint de bheith ag ullmhú do chásanna ardriosca.

1 Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1).

(13) I mí an Mheithimh 2022, chomhaontaigh an Grúpa Euro mar chéim láithreach gur cheart don obair ar thodhchaí an Aontais Baincéireachta díriú ar an gcomhchreat le haghaidh bainistiú géarchéime banc agus na scéimeanna náisiúnta ráthaithe taiscí a neartú chun go mbeadh creat ann a oireann do gach cineál bainc. Gheall an Grúpa Euro go ndéanfadh sé athbhreithniú ina dhiaidh sin ar staid an Aontais Baincéireachta agus go ndéanfadh sé bearta breise féideartha a shainaithint ar bhealach comhthoiliúil maidir leis na gnéithe eile atá fós gan réiteach chun an tAontas Baincéireachta a neartú agus a thabhairt chun críche. D'fhógair an Coimisiún go bhfuil sé ar intinn aige togra reachtach maidir leis an gcreat um bainistiú géarchéime agus árachas taiscí a dhéanamh sa chéad leath de 2023. Is féidir le modhnuithe ar an gcreat bainistithe géarchéime agus árachais taiscí cuidiú le hearnáil baincéireachta an limistéir euro a dhéanamh níos athléimní. D'fhógair an Coimisiún freisin sa chéad leath de 2023 go leagfaidh sé togra reachtach síos lena mbunófaí an euro digiteach agus lena rialófaí a phríomh-shaintréithe, faoi réir chinneadh ó na comhreachtóirí. Dhéanfadh Comhairle Rialaithe BCE cinneadh féideartha maidir leis an euro digiteach a eisiúint tar éis chéim réadaithe poitéinsil a thabhairt chun críche. Le euro digiteach, a bheadh comhlántach le hairgead tirim, d'fhéadfaí roinnt buntáistí a chur ar fáil do gheilleagar an limistéir euro. Thacódh sé, go háirithe, le digitiú an gheilleagair agus le nuálaíocht íocaíochtaí, agus neartófaí ról idirnáisiúnta an euro ag an am céanna. Le forbairt euro dhigitigh, i bhfianaise na staide geopholaitiúla atá ann faoi láthair freisin, d'fhéadfaí neamhspleáchas eacnamaíoch agus airgeadais an limistéir euro agus an Aontais a mhéadú,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, gur cheart do Bhallstáit an limistéir euro gníomhaíocht a dhéanamh, ina n-aonar, lena n-áirítear trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme, agus i dteannta a chéile laistigh den Ghrúpa Euro, sa tréimhse 2023–2024 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(1) Staonadh ó thacaíocht leathan don éileamh comhiomlán a dheonú in 2023, agus an tráth céanna díriú ar bhearta fioscacha ar bhealach níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh leochaileacha agus ar chuideachtaí inmharthana, agus an tsolúbthacht a choinneáil chun dul in oiriúint don staid atá ag athrú go tapa, más gá. Leanúint de bheartais fhioscacha náisiúnta a chomhordú ar fud na mBallstát chun inbhuanaitheacht fiachais a chaomhnú agus chun an acmhainneacht fáis a ardú ar bhealach inbhuanaithe, agus ar an gcaoi sin cúram an bheartais airgeadaíochta a éascú freisin chun a áirithiú go ndéanfar boilsciú a athbhunú go tráthúil chuig sprioc mheántéarma 2 % BCE. Teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige comhchoiteann agus machnamh a dhéanamh, go háirithe, ar shamhail phraghsála fuinnimh atá dea-chalabraithe, costéifeachtach agus ina dhá shraith a chur in ionad bearta praghais leathana, ar samhail í lena n-áirithítear dreasachtaí do choigilteas fuinnimh, nó scéimeanna eile a bhaineann cuspóirí comhchosúla amach, agus gnéithe náisiúnta á gcur san áireamh, chomh maith le machnamh a dhéanamh ar bhealaí iomchuí chun deireadh a chur leis an tacaíocht de réir mar a laghdaítear brúnna praghsanna fuinnimh. Straitéisí fioscacha meántéarmacha atá difreáilte go hiomchuí a shainiú, trí chomhdhlúthú de réir a chéile agus inbhuanaithe, agus trí infheistíochtaí agus athchóirithe, chun seasaimh fhioscacha mheántéarmacha stuama a bhaint amach.

(2) Ardleibhéal infheistíochta poiblí a choinneáil ar bun agus infheistíochtaí príobháideacha a chur chun cinn a bhfuil gá leo chun borradh a chur faoin athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta agus chun tacú leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach, lena n-áirítear le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr agus an aistrithe chuig foinsí inathnuaite fuinnimh. Na cláir bheartais chomhtháthaithe agus na pleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme, lena n-áiritheofar seachadadh tráthúil athchóirithe agus infheistíochta, agus a áirithiú go mbeidh nuashonruithe ar na pleananna spriocdhírithe, lena gcuirfear san áireamh an staid eacnamaíocht atá ag teacht chun cinn, agus gan an uaillmhian fhoriomlán a bhaineann leo a laghdú. Céimeanna breise a ghlacadh, lena n-áirítear trí chaibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus trí phleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide, chun dlús a chur leis an aistriú fuinnimh agus chun neamhspleáchas fuinnimh an Aontais a mhéadú.

(3) I gcomhréir le cleachtais náisiúnta, agus urraim á tabhairt do ról na gcomhpháirtithe sóisialta, tacú le forbairtí pá lena maolaítear caillteanas cumhachta ceannaigh na saothraithe pá, go háirithe i gcás oibrithe ar ioncam íseal, agus forbairtí táirgiúlachta meántéarmacha á léiriú agus teorainn á cur le héifeachtaí indíreacha ar bhoilsciú an tráth céanna. Córais tacaíochta sóisialta a fhorbairt agus a oiriúnú, i gcás inar gá, chun cabhrú le teaghlaigh leochaileacha dul i ngleic leis an suaitheadh fuinnimh agus leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach, agus aghaidh á tabhairt ar bhaol bochtaineachta méadaithe. Beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a fheabhsú tuilleadh agus bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna agus chun fostaíocht ardcháilíochta a chur chun cinn. Rannpháirtíocht éifeachtach na gcomhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartas a áirithiú agus an t-idirphlé sóisialta a neartú.

(4) A áirithiú go mbeidh an tacaíocht do chuideachtaí, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, a tháinig faoi bhrú airgeadais mar gheall ar an ngéarchéim fuinnimh, costéifeachtach, sealadach agus dírithe ar ghnólachtaí inmharthana. Leis an tacaíocht a thugtar, ba cheart dreasachtaí don éifeachtúlacht fuinnimh agus don fhuinneamh inathnuaite a choinneáil, agus cothrom iomaíochta agus sláine an mhargaidh aonair á gcaomhnú, lena n-áirítear tríd an gCreat Sealadach Géarchéime um Státchabhair. Feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó, go háirithe trí fheabhas a chur ar iomaíocht agus trí éifeachtúlacht creataí dócmhainneachta a mhéadú chun a áirithiú go ndéileálann siad go héifeachtach agus go tráthúil le féimheacht agus athstruchtúrú corparáideach. Rannchuidiú leis an dul chun cinn i dtreo Aontas na Margaí Caipitil.

(5) Cobhsaíocht mhacra-airgeadais a chaomhnú, na bealaí creidmheasa chuig an ngeilleagar a choinneáil agus an baol go mbeadh ilroinnt airgeadais ann a sheachaint. Faireachán a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann go háirithe le teannas in earnáil an fhuinnimh, géarú ar dhálaí airgeadais, sócmhainní neamhthuillmheacha, leibhéil fiachais phríobháidigh agus forbairtí i margaí réadmhaoine. Leanúint den obair chun an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche, agus is é an chéad chéim eile an creat reatha um bainistiú géarchéime agus árachas taiscí a athchóiriú. Leanúint de pháirt ghníomhach a ghlacadh san obair ullmhúcháin maidir leis an bhféidearthacht euro digiteach a thabhairt isteach.

Agus céimeanna breise á dtógáil chun an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a dhoimhniú ba cheart na ceachtanna a foghlaimíodh ó cheapadh agus ó chur chun feidhme fhreagairt chuimsitheach bheartais eacnamaíoch an Aontais ar ghéarchéim COVID-19 a chur san áireamh. Is tosaíocht é dul chun cinn tapa a dhéanamh maidir leis an athbhreithniú ar an rialachas eacnamaíoch chun feabhas a chur ar chomhordú an bheartais eacnamaíoch. Ba cheart leanúint den dul chun cinn maidir leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a dhoimhniú agus margadh inmheánach an Aontais á urramú go hiomlán agus é sin a dhéanamh ar bhealach oscailte agus trédhearcach i leith na mBallstát nach bhfuil sa limistéar euro.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*